2026/2296

13.10.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2296 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Deireadh Fómhair 2026

maidir le Misean Tacaíochta de chuid an Aontais Eorpaigh sa Liobáin (EUSM Lebanon)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Lúnasa 2025, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2790 (2025) lena n-iarrtar ar an gcomhphobal idirnáisiúnta a thacaíocht, lena n-áirítear trealamh, ábhar agus airgeadas, d'Fhórsaí Armtha na Liobáine a threisiú chun a áirithiú go n-úsáidfear iad go héifeachtach inbhuanaithe ar an taobh ó dheas d'Abhainn Litani agus chun feabhas a chur ar a n-acmhainneachtaí Rún 1701 (2006) ó Chomhairle Slándála na Náisiúin Aontaithe a chur chun feidhme.

(2) An 10 Feabhra 2026, dhearbhaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur díol sásaimh di an Creat Polaitiúil maidir le Bainistiú Géarchéime sa Liobáin.

(3) Sna conclúidí uaithi an 19 Meitheamh 2026, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn an tAontas lena bhfuil á dhéanamh chun sábháilteacht mhuintir na Liobáine a áirithiú agus go dtacaíonn sí chomh maith céanna le ceannasacht agus iomláine chríochach na Liobáine. D'athdhearbhaigh sí go dtacaíonn sí go hiomlán lena bhfuil á dhéanamh ag Rialtas na Liobáine chun institiúidí na tíre a neartú, lena n-áirítear Fórsaí Armtha na Liobáine, d'fhonn smacht a fháil ar chríoch iomlán na Liobáine agus monaplacht an Stáit a bhunú ó thaobh sealbhú arm de. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt d'Fhórsaí Armtha na Liobáine, lena n-áirítear trí mhisean Comhbheartais Slándála Sibhialta agus Cosanta (CBSC) a d'fhéadfaí a bheith ann agus trí thacaíocht leanúnach threisithe faoin tSaoráid Eorpach Síochána.

(4) An 24 Iúil 2026 d'fhormheas an Chomhairle Coincheap Bainistithe Géarchéime do mhisean CBSC a d'fhéadfaí a bheith ann sa Liobáin. Ba cheart, dá bhrí sin, misean CBSC a bhunú.

(5) I litir dar dáta 5 Deireadh Fómhair 2026, d'iarr Uachtarán Chomhairle na nAirí na Liobáine ar an Aontas an Misean CBSC a imscaradh ar a chríoch.

(6) Ba cheart colún sibhialtach a bheith ag an Misean, faoi cheannas agus faoi rialú straitéiseach Cheannasaí na hOibríochta Sibhialtaí, agus colún míleata, faoi cheannas agus rialú straitéiseach Ceannasaí Míleata. Ba cheart na cuspóirí agus an sainordú polaitiúil agus straitéiseach céanna de chuid an Aontais a bheith ag na colúin sin ach cúraimí éagsúla, ach comhlántach mar sin féin, a bheadh saincheaptha dá réimse inniúlachta faoi seach, á gcur i gcrích acu agus dlúthchomhordú á áirithiú ag an am céanna i gcur chun feidhme ghníomhaíochtaí an Mhisin.

(7) Ba cheart don Cheanncheathrú Oibríochtaí Sibhialtacha a bheith ar fáil don Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha chun colún sibhialtach an Mhisin a phleanáil agus a sheoladh.

(8) Ba cheart an Cumas Míleata Pleanála agus Seolta a bheith ina struchtúr statach ceannais agus rialaithe ar an leibhéal straitéiseach míleata agus ba cheart dó a bheith freagrach as pleanáil agus seoladh oibríochtúil cholún míleata an Mhisin.

(9) Ba cheart do cheann an cholúin shibhialtaigh na feidhmeanna céanna a fheidhmiú a mhéid a bhaineann le colún sibhialtach an Mhisin mar an Ceann Misin i Misean sibhialtach CBSC. Ba cheart do cheann an cholúin mhíleata na feidhmeanna céanna a fheidhmiú a mhéid a bhaineann le colún míleata an Mhisin agus atá ag Ceannasaí Fórsa an Mhisin i Misean míleata CBSC.

(10) Ba cheart dlúthchomhar idir na colúin shibhialtacha agus mhíleata a áirithiú, lena n-áirítear tríd an gComhaonad um Chomhordú Tacaíochta nó trí shocruithe comhordúcháin iomchuí eile, chun cur chuige comhleanúnach a áirithiú agus chun leas a bhaint as sineirgí a bheadh ann agus sainordú agus gníomhaíochtaí an Mhisin á gcur chun feidhme.

(11) De bhun Airteagal 41(2) de Chonradh an Aontais Eorpaigh (CAE), ba cheart caiteachas oibríochtúil a eascraíonn as colún sibhialtach an Mhisin a mhuirearú ar bhuiséad an Aontais, agus, an tráth céanna, is iad na Ballstáit a sheasfaidh caiteachas oibríochtúil a eascraíonn as colún míleata an Mhisin i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid Eorpach Síochána ([1]).

(12) Cuirfear an Misean i gcrích i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 CAE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

ROINN I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Bunú

1. Leis seo, bunaíonn an tAontas Misean Tacaíochta an Aontais sa Liobáin ('EUSM Lebanon') faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC).

2. Is lastuaidh d'Abhainn Litani a oibreoidh EUSM Lebanon sa Liobáin i dtosach báire, agus, sa limistéar laisteas d'abhainn Litani, nuair a chomhlíonfar na coinníollacha polaitiúla agus slándála is gá, le comhaontú rialtas na Liobáine. Leis seo, údaraíonn an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh chuige sin.

Airteagal 2

Sainordú

1. Rannchuideoidh EUSM Lebanon le cobhsaíocht agus síocháin mharthanach sa Liobáin, i gcomhréir le Rún 1701 (2006) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, trí thacú le cumais Fhórsaí Armtha na Liobáine agus na bhFórsaí Slándála Inmheánaí a neartú chun údarás an Stáit, rialú críochach agus slándáil teorann a áirithiú.

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/509/oj).

2. Chuige sin, déanfaidh EUSM Lebanon an méid seo a leanas:

(a) i gcás an cholúin mhíleata, tacóidh sé le cumais Fhórsaí Armtha na Liobáine mar a leanas:

i. Reisimintí Teorann Talún: soláthróidh an Misean tacaíocht chomhairleach agus oiliúint chun faireachas ar theorainneacha, patról, rialú teorann agus cumais frithsmuigleála a neartú, lena n-áirítear féidearthachtaí a fhiosrú, i gcás inarb iomchuí, chun tacú le comhordú oibríochtúil agus cumarsáid maidir le slándáil teorann idir údaráis ábhartha teorann na Liobáine agus, i gcás inarb indéanta, a gcontrapháirtithe ábhartha na Siria;

ii. Cumais Faisnéise, Faireachais agus Taiscéalaíochta: tacaíocht chomhairleach agus oiliúint speisialaithe a sholáthar chun pleanáil chomhpháirteach faisnéise, faireachais agus taiscéalaíochta, faireachas, luathrabhadh, oibríochtaí drón, agus cumais anailíse íomhánna a neartú, i gcomhar le bearta cúnaimh ábhartha faoin tSaoráid Eorpach Síochána;

iii. an tslándáil mhuirí: tacaíocht agus oiliúint chomhairleach a sholáthar chun feabhas a chur ar fhaireachas muirí, feasacht ar réimsí muirí, cuardach agus tarrtháil, comhroinnt faisnéise, agus cumais forfheidhmithe dlí mhuirí;

(b) i gcás an cholúin shibhialtaigh, tacóidh an Misean le cumais na bhFórsaí Slándála Inmheánaí mar a leanas:

i. cumais oibríochtúla na bhFórsaí Slándála Inmheánaí: tacaíocht chomhairleach agus oiliúint a sholáthar chun Aonaid Fórsa Mhóibíligh roghnaithe agus Aonaid Réigiúnacha Gendarmerie a neartú i réimsí lena n-áirítear an t-ord poiblí, freagairt oirbheartaíochta, an fhrithsceimhlitheoireacht agus an fhrithsmuigleáil, chomh maith leis an smacht reachta;

ii. rialachas maidir le slándáil calafoirt: tacaíocht a sholáthar d'fhorbairt socruithe rialachais maidir le slándáil calafoirt i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta;

iii. acmhainneacht oiliúna na bhFórsaí Slándála Inmheánaí: tacaíocht d'Institiúid Oiliúna na bhFórsaí Slándála Inmheánaí a sholáthar chun Creat Náisiúnta Oiliúna agus cláir oiliúna speisialaithe a fhorbairt, lena n-áirítear i réimsí amhail an chibearchoireacht agus an fhrithsmuigleáil.

(c) déanfar gníomhaíochtaí oiliúna speisialaithe breise a thagann faoi raon feidhme phointí (a) nó (b), cuir i gcás bearta in aghaidh feistí pléascacha seiftithe agus diúscairt ordanáis phléascaigh, a shainiú sna doiciméid phleanála, mar fhreagairt ar na riachtanais bhreise arna gcur in iúl ag údaráis na Liobáine.

3. Leanfaidh EUSM Lebanon cur chuige inscálaithe, modúlach agus solúbtha lena bhféadfar coigeartú a dhéanamh le himeacht ama mar fhreagairt ar riachtanais agus ar dhálaí oibríochtúla atá ag teacht chun cinn.

4. Éascóidh agus oibreoidh EUSM Lebanon i gcomhlántacht le bearta cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána a fhéadfaidh an Chomhairle a chinneadh chun tacú leis an Liobáin.

5. Déanfar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, cearta an duine agus prionsabal an chomhionannais inscne, cosaint na sibhialtach agus na cláir oibre faoi Rún 1325 (2000) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, Rún 2250 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an Óige, an tSíocháin agus an tSlándáil agus Rún 1612 (2005) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha a chomhtháthú go hiomlán agus a phríomhshruthú go réamhghníomhach i bpleanáil straitéiseach agus oibríochtúil, i ngníomhaíochtaí agus i dtuairisciú EUSM Lebanon.

Airteagal 3

Rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach

1. Déanfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála rialú polaitiúil ar EUSM Lebanon agus tabharfaidh sé treoir straitéiseach dó faoi fhreagracht na Comhairle agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí'). Leis seo, údaraíonn an Chomhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh chun na críche sin i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Áireofar san údarú sin na cumhachtaí chun na doiciméid phleanála a leasú, lena n-áirítear Plean Oibríochta do cholún sibhialtach EUSM Lebanon agus an Plean Misin agus na rialacha aontaithe comhraic do cholún míleata EUSM Lebanon, mar aon leis an slabhra ceannais. Áireofar ann freisin cumhachtaí chun cinntí a ghlacadh maidir le ceapadh chinn na gcolún sibhialtach agus míleata. Leanfaidh cumhachtaí cinnteoireachta maidir le cuspóirí agus foirceannadh EUSM Lebanon de bheith dílsithe don Chomhairle. Foilseofar na cinntí a dhéanfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála maidir le ceapadh chinn misin na gcolún sibhialtach agus míleata in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Tuairisceoidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála don Chomhairle go tráthrialta.

3. Gheobhaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála, ar bhonn rialta, tuarascálacha ó chathaoirleach Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh (EUMC) maidir le gníomhaíochtaí cholún míleata EUSM Lebanon. Gheobhaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála, ar bhonn rialta agus de réir mar is gá, tuarascálacha ón gCeannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha maidir le gníomhaíochtaí cholún sibhialtach EUSM Lebanon. Féadfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála cuireadh a thabhairt don Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha agus don Cheannasaí Míleata chuig na cruinnithe dá chuid, mar is iomchuí.

Airteagal 4

Slabhra ceannais agus struchtúr

1. Beidh slabhra ceannais aontaithe ag EUSM Lebanon ós oibríocht bainistithe géarchéime é.

2. Is sa Liobáin a bheidh ceanncheathrú EUSM Lebanon.

3. Beidh colún sibhialtach ag EUSM Lebanon, faoi cheannas agus faoi rialú straitéiseach Cheannasaí na hOibríochta Sibhialtaí ('an colún sibhialtach'), agus colún míleata faoi cheannas agus rialú straitéiseach an Cheannasaí Míleata ('an colún míleata').

4. Áiritheofar go mbeidh dlúthchomhar idir an colún sibhialtach agus an colún míleata, go háirithe tríd an gComhaonad um Chomhordú Tacaíochta, d'fhonn cur chuige comhleanúnach a áirithiú i gcur chun feidhme shainordú agus ghníomhaíochtaí EUSM Lebanon, gan dochar do na slabhraí ceannais sibhialta agus míleata faoi seach ná do na foinsí sainiúla maoinithe is infheidhme maidir leis na colúin shibhialtacha agus mhíleata.

ROINN II

AN COLÚN SIBHIALTACH

Airteagal 5

Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha

1. Is é Stiúrthóir Bainistíochta Cheanncheathrú Oibríochtaí Sibhialtacha (CivOpsHQ) a bheidh ina Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha don cholún sibhialtach.

2. Beidh CivOpsHQ ar fáil don Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha chun an colún sibhialtach a phleanáil agus a stiúradh.

3. Is é an Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha, faoi rialú polaitiúil agus faoi stiúradh straitéiseach an Choiste Pholaitiúil agus Slándála agus údarás foriomlán an Ardionadaí, a bheidh i gceannas ar an gcolún sibhialtach agus a rialóidh é ar an leibhéal straitéiseach.

4. Áiritheoidh an Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha go gcuirfear cinntí na Comhairle agus an Choiste Pholaitiúil agus Slándála chun feidhme go cuí agus go héifeachtach maidir le hoibríochtaí a chur i gcrích, lena n-áirítear trí threoracha a eisiúint ar an leibhéal straitéiseach chuig ceann an cholúin shibhialtaigh agus trí chomhairle agus tacaíocht theicniúil a sholáthar dó nó di.

5. Tuairisceoidh an Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha don Chomhairle tríd an Ardionadaí.

6. Maidir leis an bhfoireann uile atá ar iasacht chuig an gcolún sibhialtach, fanfaidh sí, i gcomhréir le rialacha náisiúnta, faoi cheannas iomlán údaráis náisiúnta Stát tionscnaimh na hinstitiúide de chuid an Aontais lena mbaineann nó na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), de réir mar is iomchuí. Aistreoidh na húdaráis náisiúnta, institiúidí de chuid an Aontais nó SEGS, de réir mar is iomchuí, rialú oibríochtúil a bhfoirne atá ar iasacht chuig an gCeannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha.

7. Beidh sé de fhreagracht fhoriomlán ar an gCeannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha a áirithiú go gcomhlíonfar dualgas cúraim an Aontais mar is ceart don fhoireann sa cholún sibhialtach.

Airteagal 6

Ceann an Cholúin Shibhialtaigh

1. Glacfaidh ceann an cholúin shibhialtaigh sin freagracht as an gcolún sibhialtach agus feidhmeoidh sé ceannas agus rialú air, ar an leibhéal oibríochtúil. Beidh ceann an cholúin shibhialtaigh freagrach go díreach don Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha agus gníomhóidh an Ceann Misin i gcomhréir leis na treoracha a fhaightear ón gCeannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha.

2. Beidh ceann an cholúin shibhialtaigh ina ionadaí ar an gcolún sibhialtach ina réimse freagrachta.

3. Is ar cheann an cholúin shibhialtaigh a bheidh freagracht riaracháin agus lóistíochta an cholúin shibhialtaigh, lena n-áirítear freagracht as na sócmhainní, na hacmhainní agus an fhaisnéis a cuireadh ar fáil don cholún sibhialtach. Féadfaidh ceann an cholúin shibhialtaigh cúraimí bainistíochta i gcúrsaí foirne agus airgeadais a tharmligean chuig baill foirne de chuid an cholúin shibhialtaigh, faoi fhreagracht fhoriomlán cheann an cholúin shibhialtaigh.

4. Eiseoidh ceann an cholúin shibhialtaigh treoracha maidir le cur i gcrích éifeachtach EUSM Lebanon ar an láthair, agus comhordú agus bainistiú laethúil an mhisin á nglacadh air nó uirthi féin, de réir threoir an Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha.

5. Is é ceann an cholúin shibhialtaigh a bheidh freagrach as rialú araíonachta ar fhoireann cholún sibhialtach. Maidir leis an bhfoireann uile ar iasacht, is iad údaráis náisiúnta an Stáit tionscnaimh, i gcomhréir le rialacha náisiúnta, an institiúid de chuid an Aontais lena mbaineann, nó SEGS, de réir mar is iomchuí, a thionscnóidh caingean araíonachta.

6. Gan dochar don slabhra ceannais, gheobhaidh ceann an cholúin shibhialtaigh treoir pholaitiúil áitiúil ó cheann thoscaireacht an Aontais chuig an Liobáin.

Airteagal 7

Foireann

1. Is foireann ar iasacht ó na Ballstáit, ó institiúidí an Aontais nó ó SEGS a bheidh go príomha sa cholún sibhialtach. Íocfaidh gach Ballstát, gach institiúid de chuid an Aontais agus SEGS na costais a bhaineann le haon duine den fhoireann a bheidh ar iasacht aige, lena n-áirítear speansais taistil chuig áit an imscartha agus uaidh, tuarastail, cumhdach leighis agus liúntais seachas na liúntais laethúla is infheidhme.

2. Is iad an Ballstát, an institiúid de chuid an Aontais nó SEGS, de réir mar is iomchuí, a bheidh freagrach as aon éilimh a fhreagairt a bhaineann le baill foirne a thabhairt ar iasacht nó maidir lena mbaill foirne a thug siad ar iasacht don cholún sibhialta, agus as aon chaingean a thionscnamh i gcoinne na ndaoine sin.

3. Féadfaidh an colún sibhialtach baill foirne idirnáisiúnta agus áitiúla a earcú ar bhonn conarthach mura féidir le pearsanra ar iasacht ó na Ballstáit na feidhmeanna is gá a chur ar fáil. Go heisceachtúil, i gcásanna cuí-réasúnaithe, nuair nach bhfuil aon iarratasóirí cáilithe ó na Ballstáit ar fáil, féadfar náisiúnaigh ó thríú Stáit rannpháirteacha a earcú ar bhonn conarthach.

4. Leagfar síos coinníollacha fostaíochta agus cearta agus oibleagáidí na foirne idirnáisiúnta agus áitiúla sa cholún sibhialtach sna conarthaí idir an colún sibhialtach agus an ball foirne lena mbaineann.

Airteagal 8

An tslándáil

1. Stiúrfaidh an Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha an phleanáil arna déanamh ag ceann an cholúin shibhialtaigh maidir le bearta slándála agus áiritheoidh sé go gcuirfidh an colún sibhialtach na bearta slándála sin chun feidhme go cuí agus go héifeachtach i gcomhréir le hAirteagal 5.

2. Beidh ceann an cholúin shibhialtaigh freagrach as an dualgas cúraim in sa cholún sibhialtach a chomhall agus as a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais is infheidhme maidir leis an gcolún sibhialtach, i gcomhréir leis an mBeartas Slándála agus Dualgais Cúraim do Mhisin Shibhialtacha CBSC, agus lena ionstraimí tacaíochta.

3. Tabharfaidh ceann na slándála agus na sláinte cúnamh do cheann an cholúin shibhialtaigh, a thuairisceoidh do cheann an cholúin shibhialtaigh agus a bheidh dlúthchaidreamh feidhmiúil aige le CivOpsHQ.

4. Cuirfear oiliúint slándála éigeantach ar fhoireann an cholúin shibhialtaigh sula rachaidh siad i mbun a gcuid dualgas, i gcomhréir leis an bPlean Oibríochta. Gheobhaidh siad oiliúint athnuachana rialta ar láthair na n-oibríochtaí freisin, rud a eagróidh ceann na slándála agus na sláinte.

5. Áiritheoidh ceann an cholúin shibhialtaigh go ndéanfar faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint i gcomhréir le Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle ([2]).

([2]) Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint, (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/488/oj).

Airteagal 9

Socruithe dlíthiúla

Beidh sé d'acmhainn ag an gcolún sibhialtach seirbhísí agus soláthairtí a fháil, conarthaí agus socruithe riaracháin a dhéanamh, foireann a fhostú, cuntais bhainc a shealbhú, sócmhainní a fháil agus a dhiúscairt agus a dhliteanais a urscaoileadh, agus a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla, de réir mar is gá chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme.

Airteagal 10

Socruithe airgeadais

1. EUR 4 303 135,85 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann leis an gcolún sibhialtach a chumhdach ar feadh 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Is í an Chomhairle a chinnfidh an méid tagartha airgeadais d'aon tréimhse ina dhiaidh sin.

2. Bainisteofar an caiteachas uile a bhaineann leis an gcolún sibhialtach i gcomhréir leis na rialacha agus leis na nósanna imeachta is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais. Beidh rannpháirtíocht daoine nádúrtha agus dlítheanacha i ndámhachtain conarthaí soláthair ag an gcolún sibhialtach ar oscailt gan teorainneacha. Thairis sin, ní bheidh feidhm ag aon riail tionscnaimh maidir le hearraí arna gceannach ag an gcolún sibhialtach. Faoi réir fhormheas an Choimisiúin, féadfaidh an colún sibhialtach socruithe teicniúla a thabhairt i gcrích leis na Ballstáit, leis an stát óstach, le tríú Stáit rannpháirteacha agus le gníomhaithe idirnáisiúnta eile maidir le trealamh, seirbhísí agus áitribh a sholáthar don colún sibhialtach.

3. Beidh an colún sibhialtach freagrach as a bhuiséad a chur chun feidhme. Chun na críche sin, síneoidh an colún sibhialtach comhaontú leis an gCoimisiún. Urramófar leis na socruithe airgeadais an slabhra ceannais dá bhforáiltear in Airteagail 4, 5 agus 6 agus riachtanais oibríochtúla EUSM Lebanon.

4. Tuairisceoidh an colún sibhialtach go hiomlán don Choimisiún, agus déanfaidh an Coimisiún maoirseacht air, a mhéid a bhaineann leis na gníomhaíochtaí airgeadais arna ndéanamh faoi chuimsiú a gcomhaontaithe dá dtagraítear i mír 3.

5. Beidh an caiteachas a bhaineann le colún sibhialtach incháilithe ó dháta glactha an Chinnidh seo.

ROINN III

COLÚN MÍLEATA

Airteagal 11

An Ceannasaí Míleata

1. Is é Stiúrthóir an Chumais Mhíleata Pleanála agus Seolta a bheidh ina Cheannasaí Míleata don cholún míleata.

2. Struchtúr statach ceannais agus rialaithe ar an leibhéal straitéiseach míleata lasmuigh de limistéar na n-oibríochtaí a bheidh sa Chumas Míleata Pleanála agus Seolta, a bheidh freagrach as pleanáil agus seoladh oibríochtúil an cholúin mhíleata.

3. Is é an Ceannasaí Míleata, faoi rialú polaitiúil agus faoi stiúradh straitéiseach an Choiste Pholaitiúil agus Slándála agus údarás foriomlán an Ardionadaí, a bheidh i gceannas ar an gcolún míleata agus a rialóidh é ar an leibhéal straitéiseach.

4. Áiritheoidh an Ceannasaí Míleata go gcuirfear cinntí na Comhairle agus an Choiste Pholaitiúil agus Slándála chun feidhme go cuí agus go héifeachtach maidir le hoibríochtaí an cholúin mhíleata a sheoladh, lena n-áirítear trí threoracha a eisiúint chuig a phearsanra.

5. Tuairisceoidh an Ceannasaí Míleata don Chomhairle tríd an Ardionadaí.

6. Maidir leis an bhfoireann uile atá ar iasacht leis an gcolún míleata, fanfaidh sí faoi cheannas iomlán údaráis náisiúnta an Stáit tionscnaimh i gcomhréir le rialacha náisiúnta, faoi cheannas iomlán na hinstitiúide de chuid an Aontais lena mbaineann nó faoi cheannas iomlán SEGS, de réir mar is iomchuí. Aistreoidh na húdaráis náisiúnta sin, an institiúid de chuid an Aontais nó SEGS, de réir mar is iomchuí, rialú oibríochtúil a bhfoirne atá ar iasacht chuig an gCeannasaí Míleata.

7. Beidh sé de fhreagracht fhoriomlán ar an gCeannasaí Míleata a áirithiú go gcomhlíonfar dualgas cúraim an Aontais mar is ceart don fhoireann sa cholún míleata.

Airteagal 12

Ceann an cholúin mhíleata

1. Glacfaidh ceann an cholúin mhíleata freagracht as an gcolún míleata agus feidhmeoidh sé ceannas agus rialú air, ar an leibhéal oibríochtúil.

2. Beidh ceann an cholúin mhíleata freagrach go díreach don Cheannasaí Míleata agus gníomhóidh an duine sin i gcomhréir leis na treoracha ón gCeannasaí Míleata.

3. Gan dochar don slabhra ceannais, gheobhaidh ceann an cholúin mhíleata treoir pholaitiúil áitiúil ó cheann thoscaireacht an Aontais chuig an Liobáin.

Airteagal 13

Treoir mhíleata

1. Déanfaidh EUMC faireachán ar chur i gcrích cuí na gcúraimí ag an gcolún míleata, arna dhéanamh faoi fhreagracht an Cheannasaí Mhíleata.

2. Gheobhaidh EUMC tuarascálacha ón gCeannasaí Míleata ar bhonn rialta. Féadfaidh EUMC cuireadh a thabhairt don Cheannasaí Míleata agus do cheann an cholúin mhíleata chuig a chruinnithe, de réir mar is iomchuí.

3. Feidhmeoidh cathaoirleach EUMC mar phríomhphointe teagmhála leis an gCeannasaí Míleata.

Airteagal 14

Socruithe airgeadais

1. Riarfar costais choiteanna an cholúin mhíleata i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509.

2. EUR 2 880 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais do chostais choiteanna an cholúin mhíleata a chumhdach ar feadh 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Is é a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha sin dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509 70 % le haghaidh gealltanas agus 35 % le haghaidh íocaíochtaí. Is í an Chomhairle a chinnfidh an méid tagartha airgeadais d'aon tréimhse ina dhiaidh sin.

ROINN IV

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 15

Comhsheasmhacht fhreagairt agus chomhordú an Aontais

1. Áiritheoidh an tArdionadaí cur chun feidhme an Chinnidh seo agus a chomhchuibheas le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais ar an iomlán, lena n-áirítear cláir forbartha an Aontais agus a chláir um chúnamh daonnúil.

2. Gan dochar don slabhra ceannais, gheobhaidh ceann an cholúin shibhialtaigh agus ceann an cholúin mhíleata treoir pholaitiúil áitiúil ó cheann thoscaireacht an Aontais chuig an Liobáin.

3. Déanfaidh EUSM Lebanon a ghníomhaíochtaí a chomhordú le gníomhaíochtaí déthaobhacha na mBallstát i réimse na slándála agus na cosanta sa Liobáin, le hinstitiúidí an Aontais agus le gníomhaireachtaí ábhartha na Náisiún Aontaithe agus an Aontais, de réir mar is iomchuí. Déanfaidh EUSM Lebanon comhordú, i gcás inarb iomchuí, le tríú Stáit atá ar aon intinn leis. Oibreoidh an colún míleata freisin i ndlúthchomhar leis an gCoiste Teicniúil Míleata don Liobáin (MTC4L), laistigh de raon feidhme a róil maidir le tacaíocht idirnáisiúnta d'Fhórsaí Armtha na Liobáine a chomhordú.

Airteagal 16

Rannpháirtíocht tríú Stáit

1. Gan dochar do neamhspleáchas cinnteoireachta an Aontais ná dá chreat institiúideach aonair, agus i gcomhréir le treoirlínte ábhartha na Comhairle Eorpaí, féadfar cuireadh a thabhairt do thríú Stáit a bheith rannpháirteach in EUSM Lebanon.

2. Leis seo, tugann an Chomhairle údarás don Choiste Polaitiúil agus Slándála iarraidh ar thríú Stáit rannchuidiú a thairiscint agus cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le glacadh leis an rannchuidiú atá beartaithe, ar mholadh ón gCeannasaí Míleata agus ó EUMC, nó ón gCeannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha faoi seach.

3. Cumhdófar socruithe mionsonraithe maidir le rannpháirtíocht tríú Stáit sna comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích de bhun Airteagal 37 CAE agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). I gcás ina mbeidh comhaontú tugtha i gcrích ag an Aontas agus ag tríú Stát lena mbunaítear creat le haghaidh rannpháirtíocht an tríú Stát i misin bainistithe géarchéime de chuid an Aontais, beidh feidhm ag forálacha an chomhaontaithe úd i gcomhthéacs EUSM Lebanon.

4. Beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna ag tríú Stáit a thugann rannchuidiú don cholún sibhialtach nó a thugann rannchuidiú suntasach míleata dá cholún míleata, agus atá ag na Ballstáit, ó thaobh bhainistiú laethúil EUSM Lebanon de.

5. Leis seo, údaraíonn an Chomhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le Coiste Ranníocóirí sibhialtach nó míleata a chur ar bun, i gcás ina dtabharfadh tríú Stáit rannchuidiú don cholún sibhialtach nó rannchuidiú suntasach míleata don cholún míleata.

Airteagal 17

Stádas EUSM Lebanon agus a phearsanra

Beidh stádas EUSM Lebanon agus a phearsanra, lena n-áirítear na pribhléidí, na díolúintí agus na ráthaíochtaí breise is gá chun EUSM Lebanon a chur i gcrích agus a fheidhmiú go rianúil, ina n-ábhar do chomhaontú arna thabhairt i gcrích ag an Aontas leis an Liobáin de bhun Airteagal 37 CAE agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 218 CFAE.

Airteagal 18

Eisiúint na faisnéise

1. Údarófar an tArdionadaí faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais, arna giniúint chun críocha EUSM Lebanon, a eisiúint do na tríú Stáit a bhfuil baint acu leis an gCinneadh seo, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir le riachtanais EUSM Lebanon, i gcomhréir le Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle:

(a) suas go dtí an leibhéal dá bhforáiltear sna comhaontuithe um shlándáil faisnéise is infheidhme arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú Stát lena mbaineann; nó

(b) suas go dtí an leibhéal 'CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL' i gcásanna eile.

2. I gcás ina mbeidh gá oibríochtúil sonrach agus láithreach ann, beidh sé d'údarás freisin ag an Ardionadaí aon fhaisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais go dtí an leibhéal 'RESTREINT UE/EU RESTRICTED', arna giniúint chun críocha EUSM Lebanon, a eisiúint d'údaráis ábhartha na Liobáine, i gcomhréir le Cinneadh 2013/488/AE. Déanfar socruithe idir an tArdionadaí agus údaráis inniúla na Liobáine a tharraingt suas chun na críche sin.

3. Údarófar an tArdionadaí aon doiciméid neamhaicmithe de chuid an Aontais atá bainteach le plé na Comhairle i ndáil le EUSM Lebanon, agus atá cumhdaithe ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla de bhun Airteagal 6(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, a thabhairt do thríú stáit a bhfuil baint acu leis an gCinneadh seo ([3]).

4. Féadfaidh an tArdionadaí na cumhachtaí dá dtagraítear i míreanna 1 go 3, chomh maith leis an gcumas na socruithe dá dtagraítear i mír 2 a thabhairt i gcrích, a tharmligean chuig daoine a chuirtear faoina údarás nó faoina húdarás, chuig an gCeannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha nó chuig an gCeannasaí Míleata.

Airteagal 19

Cumas Faire

Déanfar an Cumas Faire a ghníomhachtú le haghaidh EUSM Lebanon.

Airteagal 20

Pleanáil agus seoladh EUSM Lebanon

1. Is í an Chomhairle a ghlacfaidh an Cinneadh chun EUSM Lebanon a sheoladh tar éis don phlean oibríochta maidir leis an gcolún sibhialtach agus don phlean misin, lena n-áirítear na rialacha aontaithe comhraic, don cholún míleata, a bheith formheasta. Seolfar EUSM Lebanon ar an dáta arna mholadh ag Ceannasaí Míleata agus Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha EUSM Lebanon.

2. Déanfaidh foirne lárnacha pleanála míleata agus sibhialta EUSM Lebanon na hullmhúcháin is gá chun go mbeidh EUSM Lebanon in ann a chumas oibriúcháin tosaigh a bhaint amach. Sula ndéanfar aon imscaradh chuig an limistéar oibríochtaí, déanfar measúnú domhain ar an staid slándála agus ar na ceanglais ghaolmhara a bheidh le comhlíonadh.

([3]) Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (IO L 325, 11.12.2009, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2009/937/oj).

Airteagal 21

Teacht i bhfeidhm agus foirceannadh

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Beidh feidhm aige ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta a sheolfar EUSM Lebanon.

3. Déanfar an Cinneadh seo a aisghairm i gcomhréir leis na pleananna a formheasadh le haghaidh fhoirceannadh EUSM Lebanon, agus gan dochar do na nósanna imeachta maidir le cuntais an cholúin mhíleata a iniúchadh agus a thíolacadh, a leagtar síos i gCinneadh (CBES) 2021/509.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 12 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS